2025/330

20.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/330 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Feabhra 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní VIII agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4), an dara fomhír, agus Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de, agus sonraítear an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla de ghalair liostaithe. Le Rialachán (AE) 2016/429 déantar foráil freisin maidir leis an bhformheas nó an aistarraingt a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de. Ina theannta sin, foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ([2]) ón gCoimisiún forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil ar bun, a chur ar fionraí agus a aistarraingt i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann leis an stádas saor ó ghalair agus an stádas neamh-vacsaínithe atá ag Ballstáit áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu agus a bhfuil cláir dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha fhormheasta acu cheana féin. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas maidir le galair liostaithe áirithe, ba cheart Iarscríbhinní VIII agus XI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i ndáil le galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/620/oj).

(4) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú le BTV), tá fógra tugtha don Choimisiún ag an tSeicia agus ag an bPolainn faoi ráigeanna d'ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga séiritíopa 3. Na ráigeanna sa tSeicia, bhí siad ann sa chrios a bhfuil stádas saor ó ghalair aige go fóill a mhéid a bhaineann leis an ngalar sin agus na ráigeanna sa Pholainn, bhí siad ann sna cúigí seo a leanas: dolnośląskie, zachodniopomorskie agus warmińsko-mazurskie agus bualadh cúigí eile freisin. Ina theannta sin, tá fógra tugtha don Choimisiún ag an Spáinn faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le BTV séiritíopa 8 i bpobal féinrialaitheach Castilla la Mancha agus País Vasco, ráigeanna a bhuail pobail fhéinrialaitheacha eile freisin, sa chrios a bhfuil stádas saor ó ghalair aige go fóill a mhéid a bhaineann leis an ngalar sin. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair ag críoch iomlán na Polainne agus ag codanna de chríoch na tSeicia agus na Spáinne, agus go bhfuil siad liostaithe i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart formheas an stádais saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le BTV a aistarraingt ó chúigí dolnośląskie, lubuskie, pomorskie, agus zachodniopomorskie agus ó chriosanna áirithe de chúigí kujawsko-pomorskie, łódzkie, mazowieckie, opolskie, podlaskie, warmińsko-mazurskie agus wielkopolskie sa Pholainn, ó chríoch iomlán na Seicia agus ó phobal féinrialaitheach País Vasco, ó phobal féinrialaitheach Navarra, ó limistéir áirithe de chúige Zaragoza i bpobal féinrialaitheach Aragón, ó chriosanna áirithe i gcúige Burgos i bpobal féinrialaitheach Castilla y León agus ó chriosanna áirithe i gcúige Guadalajara i bpobal féinrialaitheach Castilla-La Mancha sa Spáinn. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an tSeicia, leis an bPolainn agus leis an Spáinn i gCuid I den Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

(5) Ina theannta sin, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag an Spáinn go bhfuil raon feidhme críochach an chláir díothaithe roghnaigh le haghaidh ionfhabhtú le BTV, clár a formheasadh cheana le haghaidh na gcriosanna a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, leathnaithe aici trí phobal féinrialaitheach País Vascochrios, pobal féinrialaitheach Navarra, criosanna áirithe de chúige Zaragoza i bpobal féinrialaitheach Aragón, criosanna áirithe de chúige Burgos í bpobal féinrialaitheach Castilla y León agus criosanna áirithe i gcúige Guadalajara i bpobal féinrialaitheach Castilla-La Mancha sa Spáinn a chur leis. Dá bhrí sin, ba cheart na limistéir sin a chur leis an iontráil a bhaineann leis an Spáinn i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, agus ba cheart an leasú atá beartaithe ar an gclár díothaithe roghnach i leith ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a fhormheas.

(6) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le fliú éanúil ardphataigineach, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag údarás inniúil na hÍsiltíre nach féidir Verbeek's poultry international B.V le huimhir formheasa 1122 a mheas mar dheighleog atá saor ó fhliú éanúil ardphataigineach toisc nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha chun stádas saor ó ghalair a choinneáil ar bun. Ós rud é go liostaítear an deighleog sin in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar dheighleog atá saor ó fhliú éanúil ardphataigineach, ba cheart an stádas saor ó fhliú éanúil ardphataigineach a aistarraingt. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Ísiltír san Iarscríbhinn sin a leasú dá réir sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní VIII agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir sin.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní VIII agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní VIII agus XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) scriostar an iontráil a bhaineann leis an tSeicia;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
‘An Spáinn	Comunidad Autónoma de Aragón: Provincia de Zaragoza seachas Ejea de los Caballeros, Sos del Rey Católico, Provincia de Teruel Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha: Provincia de Guadalajara seachas na limistéir seo a leanas: Guadalajara agus Pastrana Comunidad Autónoma de Castilla y León, seachas na limistéir seo a leanas: Provincia de Ávila Condado de Treviño y La Puebla de Arganzón in provincia de Burgos, Provincia de Salamanca, Cantalejo, Carbonero El Mayor, Santa María la Real de Nieva, Segovia, Villacastín in provincia de Segovia, Alcañices, Bermillo de Sayago, Puebla de Sanabria in provincia de Zamora Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Valencia: provincia de Castellón, provincia de Valencia’

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPolainn:

Ballstát	Críoch
‘An Pholainn	Críoch iomlán na Polainne, seachas: województwo dolnośląskie województwo lubuskie województwo pomorskie województwo zachodniopomorskie w województwie kujawsko-pomorskim: powiat brodnicki powiat golubsko-dobrzyński powiat grudziądzki miasto na prawach powiatu Grudziądz powiat rypiński powiat sępoleński powiat wąbrzeski w powiecie chełmińskim: gmina Chełmno, miasto Chełmno, gmina Kijewo Królewskie, gmina Lisewo, gmina Papowo Biskupie, gmina Stolno w powiecie lipnowskim: gmina Chrostkowo, gmina Skępe w powiecie nakielskim: gmina Mrocza, gmina Sadki

Ballstát	Críoch
	w powiecie świeckim: gmina Bukowiec, gmina Dragacz, gmina Drzycim, gmina Jeżewo, gmina Lniano, gmina Nowe, gmina Osie, gmina Świecie, gmina Warlubie w powiecie toruńskim: gmina Chełmża, miasto Chełmża, w powiecie tucholskim: gmina Cekcyn, gmina Gostycyn, gmina Kęsowo, gmina Śliwice, gmina Tuchola w województwie łódzkim: powiat wieruszowski w powiecie sieradzkim: gmina Błaszki, gmina Brąszewice, gmina Brzeźnio, gmina Goszczanów, gmina Klonowa, gmina Sieradz, miasto Sieradz, gmina Warta, gmina Wróblew, gmina Złoczew w powiecie wieluńskim: gmina Biała, gmina Czarnożyły, gmina Mokrsko, gmina Ostrówek, gmina Pątnów, gmina Skomlin, gmina Wieluń w województwie mazowieckim: powiat mławski powiat przasnyski powiat żuromiński w powiecie ciechanowskim: gmina Ciechanów, miasto Ciechanów, gmina Glinojeck, gmina Grudusk, gmina Opinogóra Górna, gmina Regimin w powiecie makowskim: gmina Krasnosielc, gmina Płoniawy-Bramura, gmina Sypniewo w powiecie ostrołęckim: gmina Baranowo, gmina Czarnia, gmina Kadzidło, gmina Lelis, gmina Łyse, gmina Myszyniec, gmina Olszewo-Borki w powiecie płońskim: gmina Raciąż, miasto Raciąż w powiecie sierpeckim: gmina Rościszewo, gmina Sierpc, miasto Sierpc, gmina Szczutowo, gmina Zawidz w województwie opolskim: powiat brzeski powiat kluczborski powiat namysłowski powiat nyski powiat opolski miasto na prawach powiatu Opole w powiecie krapkowickim: gmina Gogolin, gmina Krapkowice, gmina Strzeleczki w powiecie oleskim: gmina Gorzów Śląski, gmina Olesno, gmina Praszka, gmina Radłów, gmina Zębowice w powiecie prudnickim: gmina Biała, gmina Lubrza, gmina Prudnik w województwie podlaskim: w powiecie kolneńskim: gmina Kolno, miasto Kolno, gmina Turośl w powiecie łomżyńskim: gmina Zbójna w województwie warmińsko-mazurskim:

Ballstát	Críoch
	powiat bartoszycki powiat braniewski powiat działdowski powiat elbląski miasto na prawach powiatu Elbląg powiat giżycki powiat iławski powiat kętrzyński powiat lidzbarski powiat mrągowski powiat nidzicki powiat nowomiejski powiat olsztyński miasto na prawach powiatu Olsztyn powiat ostródzki powiat piski powiat szczycieński powiat węgorzewski w powiecie ełckim: gmina Ełk, miasto Ełk, gmina Stare Juchy w powiecie gołdapskim: gmina Banie Mazurskie, gmina Gołdap w powiecie oleckim: gmina Kowale Oleckie, gmina Świętajno w województwie wielkopolskim: powiat chodzieski powiat czarnkowsko-trzcianecki powiat gnieźnieński powiat gostyński powiat grodziski powiat jarociński powiat kaliski miasto na prawach powiatu Kalisz powiat kępiński miasto na prawach powiatu Konin powiat kościański powiat krotoszyński powiat leszczyński miasto na prawach powiatu Leszno powiat międzychodzki powiat nowotomyski powiat obornicki powiat ostrowski powiat ostrzeszowski powiat pilski powiat pleszewski powiat poznański miasto na prawach powiatu Poznań powiat rawicki powiat słupecki powiat szamotulski powiat średzki powiat śremski powiat wolsztyński powiat wrzesiński powiat złotowski

Ballstát	Críoch
	w powiecie konińskim: gmina Golina, gmina Grodziec, gmina Kazimierz Biskupi, gmina Kleczew, gmina Kramsk, gmina Krzymów, gmina Rychwał, gmina Rzgów, gmina Stare Miasto w powiecie tureckim: gmina Dobra, gmina Kawęczyn, gmina Malanów, gmina Tuliszków, gmina Turek, miasto Turek, gmina Władysławów w powiecie wągrowieckim: gmina Mieścisko, gmina Skoki, gmina Wągrowiec, miasto Wągrowiec.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

‘CUID II

BALLSTÁIT NÓ CRIOSANNA DÍOBH A BHFUIL CLÁR DÍOTHAITHE FORMHEASTA ACU MAIDIR LE HIONFHABHTÚ LEIS AN VÍREAS GORMTHEANGA

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Aragon: Ejea de los Caballeros, Sos del Rey Católico in provincia de Zaragoza Provincia de Huesca Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha: Provincia de Albacete Provincia de Ciudad Real Provincia de Cuenca Guadalajara agus Pastrana in provincia de Guadalajara Provincia de Toledo Comunidad Autónoma de Asturias Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de las Islas Baleares Comunidad Autónoma de Castilla y León Provincia de Ávila Condado de Treviño, La Puebla de Arganzón in provincia de Burgos Provincia de Salamanca Cantalejo, Carbonero El Mayor, Santa María la Real de Nieva, Segovia, Villacastín in provincia de Segovia Alcañices, Bermillo de Sayago, Puebla de Sanabria in provincia de Zamora Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Extremadura Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma del País Vasco Comunidad Autónoma de Valencia: provincia de Alicante.	21.2.2022’

(2) in Iarscríbhinn XI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Ísiltír:

Ballstát	Ainm
‘An Ísiltír	Institut de selection animale B.V le huimhir formheasa 2338. Cobb Europe B.V. le huimhir formheasa 2951.’